Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Márta 2024**
**(OR. en)**

**6515/24**

**LIMITE**

**ENER 70**
**ATO 7**
**POLCOM 52**
**FDI 14**
**SERVICES 14**

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | Moladh le haghaidh CINNEADH ón gCOMHAIRLE maidir le tarraingt siar an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach ón gConradh um Chairt Fuinnimh a fhormheas<br>- Ullmhúchán don ghlacadh |

1. An 7 Iúil 2023, thíolaic an Coimisiún Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tarraingt siar an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach as an gConradh um Chairt Fuinnimh a fhormheas[1] .

2. Pléadh an togra ag cruinniú na Meithle um Fhuinneamh an 5 Meán Fómhair 2023 agus an 13 agus an 20 Feabhra 2024, agus d'eascair togra athbhreithnithe as. Tá athruithe le feiceáil in 6514/24.

[1] 11691/23

3. Tá sé ar intinn ag an Uachtaránacht, sula gcuirfear na dréachtchinntí ón gComhairle maidir le tarraingt siar an Aontais agus Euratom ón gConradh um Chairt Fuinnimh faoi bhráid na Comhairle lena nglacadh go críochnaitheach, faoi réir thoiliú Pharlaimint na hEorpa maidir le cuid an Aontais, gur cheart go mbeadh an próiseas le haghaidh na ndréachtchinntí ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh agus Euratom ag cruinniú ábhartha na Comhdhála um Chairt Fuinnimh nach bhfeidhmíonn ceart vótála an Aontais/Euratom á fheidhmiú aici agus lena n-údaraítear do na Ballstáit an Conradh um Chairt Fuinnimh nuachóirithe a fhormheas nó gan cur ina choinne, a bheith tugtha chun críche go comhthreomhar ag an gComhairle, d'fhonn na dréachtchinntí uile ón gComhairle a ghlacadh ar an dáta céanna.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar <u>Choiste na mBuanionadaithe:</u>

   – an comhaontú a dhearbhú maidir le téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle maidir le tarraingt siar an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach as an gConradh um Chairt Fuinnimh a fhormheas mar a leagtar amach in 6514/24 é;
   – a chomhaontú téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle maidir le formheas tharraingt siar an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach as an gConradh um Chairt Fuinnimh, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga, a chur faoi bhráid na Comhairle lena ghlacadh mar mhír A ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

PUBLIC